

Biseach

IRIS CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

1983

San Eagrán Seo:

File Bhaile na mBroghach

'Biseach' i Zambia

Séipéal an Chnoic

Breith, Pósadh agus Bás

Sgéal — Sgéalaí agus
Sgéalíocht

Éigse Scoile

Tomás Bán Mac Aodhgáin

Club Lurgan

Cumann Micheál Breathnach

LUACH 50p





Comharchumann Chois Fharraige Teo.

INDREABHÁN, CO. NA GAILLIMHE. FON: 091-73125/73149 UIMHIR TELEX: 25020

Clódoirí Lurgan Teo: Seirbhís phriontála agus clóchuradóireachta — leabhair, irisí, postaeirí, ticéidí etc.

Cló Chois Fharraige: Foilsíú leabhar Gaeilge. Díolacháin théacsleabhair Ghaeilge do bhunscoile agus iarbhunscoileanna. Cuir fios ar ár gcatalóg.

Coláistí Gaeilge: Cúrsaí Gaeilge do dhaltai scoile 10-18 bliana. Cúrsaí d'ábhar múinteoirí agus cúrsaí deireadh seachtaine.

Siopa an Phobail Teo. Ollmhargadh. Seirbhís mhaith pheitрил, ghrósaeireachta, feola agus earraí crua ar phraghsanna réasúnacha.

Conraitheoireacht Chois Fharraige Teo. Innealra ar cíós. Réiteach suíomhanna tí. Obair dhraenála. Scéimeanna uisce. Pléascadh carraigeacha.

Cabhraigh linn trí úsáid a bhaint as ár geuid seirbhísí nó trí scar a cheannach sa Chomharchumann.

Seán Ó Máirtín Teo.

Adhmadóireacht

Staighrí Fuinneoga Doirse

Cré Dhubh,
An Spidéal

Fón 83298

CLÚDACH: Joe Shéamais Sheáin — An File (Pictiúr Ruairí Ó Baoill)

File Bhaile na mBroghach

le Peadar Mac an Iomaire

Tá leabhar filíochta Fhile Bhaile an mBroghach le bheith ar an margadh taobh istigh de mhí. Saothar filíochta leathchéad bliain atá sa leabhar seo. Níl aon ghá an file seo a chur in aithne do mhuintir Chois Fharraige. Ní hé amháin go bhfuil a cháil mar fhile ar fud Chois Fharraige ach tá eolas ar an mbua filíochta atá aige ar fud Chonamara agus áiteanna thairis.

Deich ndán fhichead atá sa leabhar. Tá cuid acu foilsithe cheana in irisí éagsúla mar *Biseach*, *Leic an Teaghlaigh*, *Tús an Phota*, *An Bolscaire* agus *Ar Aghaidh*. Is as na cinn nár foilsíodh riamh cheana is mó a bhainfeas léitheoirí sásamh. Ar na dánta sin tá *Bóthar an Locháin*, *An Gráinneach Mór*, *An Treas Cogadh Domhanda*, *An Bheoichte*, *Spailpín Chamais* agus go leor eile. Tá ó scór go dtí ocht véarsa agus trí scóir 'sna píosaí sin. Chuala mé ó bhí mé i mo ghasúr gur caint chrua a bhí i bhfilíocht an Fhile. Tá neart di le fáil 'sna píosaí sin atá liostáilte.

I ndeireadh na bhfichidí a thosaigh sé ag déanamh filíochta. Dúirt sé go raibh an fonn filíochta istigh ann agus nárbh bheo é go mbíodh sé curtha dhá chroí aige. Níor scríobh sé aon dán ariamh. Choinnigh sé i gcuimhne beagnach gach uile cheann a bhí sé a dhéanamh. Caithfidh sé go mbíodh sé dhá n-aithris dó féin go minic mar bíonn athraithe anseo agus ansiúd idir na leaganacha éagsúla a tógadh uaidh in imeacht na mblianta.

Tá go leor de thréithe fhilí na Gaeilge ag baint le File Bhaile an mBroghach. 'Sé féin a chleacht cuid de na thréithe sin agus 'sé an pobal a bhí aige a bhronn thréithe eile air. Creideann sé gur duine d'fhillí na Gaeilge é a bhfuil bua na filíochta tugtha dó. 'Sé fear labhartha a phobal é ar an dúlra, ar chúrsaí creidimh, ar eachtraí móra a tharla san áit agus 'sé an file é a bhfuil cúram air dánta molta a chumadh ar an té atá imithe ar shlí na fírinne. Tá na dánta *Micheál Breathnach* agus *An tAthair Micheál Ó Gríofa* ar na marbhnaí a chum sé. Thóg an file seo freisin cúram eile ar féin. De bhrí go raibh suim ag an phobal 'sna dánta thapaidh sé a dheis le hoideachas a chur ar a phobal tríd an bhfilíocht. Tharraing sé an t-eolas a fuair sé ó leabhair, ó pháipéir agus ó'n litríocht bhéil isteach ina chuid filíochta. Ar an mbealach sin chuir sé go láidir leis an aithbheochan léinn a tháinig chun cinn i gCois Fharraige ó thús na dtíochaidí.

Nuair a thuig an pobal bua na filíochta a bheith ag Joe Shéamais Sheáin (An File) bronnadh na thréithe a bhí ag filí sa mbéaloidas air. Sa dán *Lá na Fola* a cumadh thart ar 1936 thug an file cuntas ar an dochar a dhéanadh an dara cogadh mór á dtíocadh sé. Tháinig an chaint a bhí sa dán isteach fíor agus bhronn an phobal bua na tairgreachta air dhá bharr. Cheap cuid de na daoine go raibh cumhacht osnádúrtha aige. Go deimhin bhí cuimheas ag roinnt acu roimhe. Cheap daoine gur le fuinneamh draíochta éicint a bhí sé in ann na smaointe a bhíodh ag snámh ina n-intinn féin a chur i bhfoirm filíochta. Bhí féith an ghrinn sabhfile agus ní dhearna sé iarracht ar bith aon tsamhail a bhí ag an bpobal dó a bhréagnú. Go deimhin tá scéalta ag daoine a chruthódh gur ag borradh leis na scéalta sin a bhíodh sé lena iompar.


Is ó'n bhfile féin a fuair mise formhór na ndánta. Chuidigh Peadar Máirtín Tom Ó Donnchadha agus Tom Bán Breathnach liom cúpla dán nach raibh cuimhne ag an bhfile orthu a thabhairt dom. Ba mhór an cúnamh freisin téipeanna a bheith ar fáil den bhailiúchán a déantaí de dhánta an fhile le cur chuig gaolta i Meiriceá. Ba chomaoín ar bhainis nó ar chéilí tí an file a bheith i láthair le cúpla ceann dá chuid dánta a rá. Tá comaoín curtha aige ar phobal léitheoireachta na Gaeilge trí chhead a thabhairt cuid mhaith de na dánta atá cumtha aige a chur ar fáil i leabhar. Níor shantaigh sé poiblíocht ná comórtais riamh. Rinne Tadhg Ó Seaghadha agus an Mon. Eric Mac Fhinn a ndícheall le cuidiú le pobal na Gaeilge taobh amuigh de Chois Fharraige aithne a chur air trína chuid filíochta a fhoilsiú in irisí éagsúla. Is ar a phobal áitiúil féin a dhírigh an file a chuid filíochta. Is beag an ceapadh a bhí aige féin ná acu féin go bhféadfaí leabhar le filíocht an fhile inti a chur ar fáil gan dul amach as an bparóiste. 'Sé Comharchumann Chois Fharraige atá ag foilsiú agus ag clóbhualadh an leabhair. Is breá an rud spéis litríochta agus forás teicneolaíochta a bheith i bpáirt le chéile i nglúin óg an pharóiste. Go dtuga Dia saol fada don fhile le tuilleadh den fhorás seo a fheiceál.



Gabhann an Coiste buíochas ó chroí le Cristina Ní Chualáin as an obair chlóchur a dhéanamh dúinn agus do Bhord na Gaeilge as a chúnamh.

BISEACH I ZAMBIA

Pádhraicín Dárby
Bealtaine 1983.



Tá mé ar ais i Zambia i gceart lár na hAfraice. Ó tharla gur ar maidin (an lá deire de mhí na Nollag) a blií m'eiteallán ag imeacht as Bleá Cliath b'éigean dom an baile a fhágáil an lá roimhe sin agus an oíche a chaith i mBleá Cliath. Thug mo chárde ansin chuig seó Nollag Mháirín Potter mé (*'Na Páistí sa gCoill'*). Ní raibh sé thar moladh beirte, b'fhacthas dom. Beag an ghoir a bhí aige ar an oíche roimhe sin i nGairm-Scoil Choilm Cille. Ní fhéadfadh an oíche chéanna a theacht ní ba thráthúla dhomsa. Ó ba í an oíche dheire sa mbaile agam í, agus fuair mé an-tsásamh ar chuile shórt idir phoirt, amhráin, damhsa an cupán tae agus ar ndó ní áirím an comhlúadar. Chruthaigh Joe Steve thar cionn mar fhear a' tí, nár laga Dia é. Rinne mé fhéin agus mo mhama ceapairín beag de waltz, a mh'anam; ba mhaith uaithi-se lá den tsaoil, ach shílfeá gur dhá chois chlí atá orm fhéin, fairíor. Thug mé mo chuid deiseanna ceoil ar ais liom agus bím a' baint corr-shinneán astu. Seo é an chéad uair agam na píobaí uilleann a thabhairt liom; shíl mé i gcónaí nach seasfaidís an teas ach dheamhan blas mairg orthu, fós ar aon chaoi.

Istigh sa bpríomh-chathair, Lusaka, atá mé i mo chónaí an géabh seo. An paráiste a raibh mé ann cheana, amuigh sa bhfiántas, is fairsinge go mór é ná Conamara fré chéile. É faoi choillte uilig agus loma lán de ainmhithe allta. Na daoine atá ina gcónaí ann, agus ní mórán é de áit chomh fairsing leis, tadar mar bhí a sinsir leis na cianta, mórán. Saothraíonn siad an saol, go deimhin. Chuala muid uilig scéalta faoin teacht aniar a bhí sna sean daoine fadó idir fhir agus mhná. Mar a d'iompraidís bearta cibé as Tulaigh na Síóg agus cléibh ime agus uibheacha go Gaillimh de chosa boinn ar dhroch bhóithre. Agus iad ina dtroscaidh go minic. Tá na scéalta sin le creidiúint, mara mbeadh de chruthúnas orthu ach go bhfuil an cruatan ceannan céanna le feiceál anseo inniu. Cén t-iontas go bhfuil go leor acu ag tréigean na tuaithe agus ag déanamh ar na bailte móra? Isteach anseo go Lusaka a thagann a bhfurmhór ag súil le obair, ach fairíor tá scéal na dí-fhostaíochta anseo níos measa ná in Éirinn arís dá dhonacht é in Éirinn faoi láthair. Is iondúil gur de réir treibhe a chruinníonn siad le chéile sa mbaile mór mar a chruinníodh muintir Chonamara i gCamden Town fadó cuir i gcás, muintir Mhuigheo i bpáirt eile de Londain, na Ciarraíocha i bpáirt eile agus dá réir sin. Amuigh ar imeall na

cathrach a dhéanann siad cónaí, áit nach bhfuil feiceál ar bith orthu ag turasóirí ná ag dream galánta. Is garr a thógann sé orthu sórt teach a thóigeál. Sin a fhágann go bhfuil Lusaka ag fás go tréan, agus paráiste nua as an bpíosa é an áit a bhfuil mise i mo shagart pobail ann.

Ach an oiread le bunáite chuile chathair faoin domhan tá an saibhreas agus an daibhreas anseo i Lusaka. Na Sasanaigh a leag amach an chathair nuair a bhí siad i seilbh. Tá an phríomhshráid ionchurtha le Sráid Uí Chonaill Bhleá Cliath, mara bhfuil sí níos leithne arís. Crainnte ioldaithe i lár báire agus foirgní árd nua-aoiseacha ar 'chaon taobh. An chuid den chathair atá go maith as tá sí go hálainn, gan bhréig gan mhagaidh. Coinníonn siad deas glan í freisin, leis an gceart a thabhairt dóibh. Cuireann crainnte, toir agus bláthanna barr slaicht uirthi, an spéir ghorm ós do chionn agus an ghrian ag scalladh. An gcuimhníonn sibh ar an gcoicís bhreá údaí a tháinig i ndeire mhí Iúil an Samhradh seo caite nuair a bhí muid inár smístí thíos ar an Trá Mhoir, ar an Trá Bhig agus ag chuile chaladh eile a raibh fuarú beag le fáil ann? Mar sin atá chuile lá anseo, 'ndáil leis. Fágann na hoích-eannta fuar sa nGeimhridh ceart go leor ('sé an Geimhreadh mí Meithimh agus Iúil) agus airíonn na créatúir an fuacht cheal éadaí agus pluideanna; maidir le tinteáin nó simléir 'sna tithe níl a leithéidí ann. Ach ag caint ar lucht an tsuibhris a bhí mé sul a tharraing mé anuas an aimsir. Níl baol ar bith nach bhfuileadar sin go maith as: scarbhóntaí, togha na dtithe, agus na mbóithre, carrannaí, uisce reatha, solus, fón, an telly fhéin (agus an cosamar céanna air atá le feiceál air sa mbaile, Dallas agus seafóideacha den tsórt sin). Linn snámha ar chúil corr-cheann de na

tithe seo freisin. Lucht gnaithe, lucht polaitíochta agus daoine gairmiúla mar dhochtúirí iad seo. De bhunú Zambia a bhfurmhór ach tá corr-dhuine geal agus corr-Indiach le feiceál fós. Bhí cáil saibhris ar Zambia roinnt blianta ó shoin mar gur inti atá cuid mhaith de mhianra copair an domhain. Bhí an t-airgead ann agus b'iomdha Éireannach a fuair slí bheatha anseo an uair sin — innealtóirí, múinteoirí agus a leithéidí. Ach d'imigh sin agus tháinig seo. Thit luach an chopair de réir a chéile. Creidim nár chuidigh teicneolaíocht nua an '*micro-chip*' le margadh an chopair chor ar bith, ach is beag é mo scil sa '*chip*' céanna. Ar aon chaoi, is ar éigin gur fiú an copar a bhaint aníos as an talamh faoi láthair. Tá an Rialtas briste dhá bharr sin (agus ní taobh leis an bhfáth sin é bheith briste, ach sin scéal eile). Tá Zambia ar cheann de na cheithre thí a dtugann Rialtas na hÉireann cúnamh dhóibh — ós cionn milliún go leith punt do Zambia i mbliana. Chomh fada is is léar dom tá an t-airgead sin dá chur ag obair go críonna agus go fiúntach. Beirt amháin atá tagtha amach ar cheann de scéimeanna na hÉireann iad Beirín as Ros an Mhíl agus a fear, Seán, as Co an Chláir. Lánúin níos deise ní chasfaí ort i do shiúl lae agus mara bhfuil ceathrar gasúir bheaga álainne acu castar leo é. Tadar buailte orm anseo agus ar ndó is ag Gaeilgeoireacht a bhím fhéin agus Beirín nuair a bhíos muid asainn fhéin. Níl aon duine eile 'aniar' anseo i Lusaka gur feasach dhom. Tá an tSiúir Treasa as Ros an Mhíl an-fhada uaim agus an tAthair Pádraigh Ó Ceallaigh as Cor na Móna an t-achar céanna — fear a bhí práinneach as an eagrán deireannach de '*Bhiseach*' nuair a thug mé dhó é. Gaeilgeoir líofa eile é an tAth Colm Ó Ríordáin as Tamhain. Tá Fáthartach eile sa tír seachas mé fhéin, 'Mr P Faherty' de réir leabhar an fón. Bhí brath orm glaoch a chur air ach dar fia bhí scáth orm. Níl aithne ar bith agam ar an bhfear groí, níl fhios agam an anoir nó aniar dó, nó an dubh nó bán é. Tá cuid de mhuintir Fhátharta sách dubh, a mh'anam ('ribeachaí dubha'), ach sé an mí-ádh uilig é má tá duine acu ina 'bhlack' amach is amach! Shoraí uaidh mar scéal, ná téadh muid níos faide leis!

Mionlach beag iad lucht an tsuibhris. Caithfidh mé fhéin a chomhaireamh ar dhuine acu. Nach bhfuil cúpla culaith éadaí agam! Agus ní taobh le péire amháin bróga atá mé ach an oiread. Sin saibhreas sa tír seo. Agus cén fhág tú mo charr (de dhéanamh van a'phosta)? Bíonn leath-mhíle duine ag Aifreann an Domhnaigh agus ní bhíonn de charrannaí taobh amuigh de theach a'phobail ach mo charr-sa. Rothar fhéin ní bhíonn ann. Kabanana ('Áit na mBananas') is

ainm den áit. Áit aerach é, tá foirgní arda lár na cathrach le feiceál chúig mhíle síos uait. Níl oiread is liobar teara ar aon bhóthar san áit. Clascanna móra doimhne i lár an bhóthair tar éis séasúr na báistí. Tagann bus cheithre huair sa ló. Dá bhfeicfeadh sibh na háiteacha a dtéann an bus sin! Ní iontas na busanna bheith briste síos leath na gcuarta. Téann mo cháirín fhéin in áiteacha aisteacha freisin, muis. Ag tabhairt cuairt ar thithe na gCríostaithe an obair is mó atá orm ó tháinig mé. Is garr go mbeidh siad siúlta agam anois, cúpla mí eile nó mar sin. Tá aithne mhaith orm faoi seo ag imeacht sna casáin is mo haitín glas-uaithe orm (ná bí amuigh faoin ngréin anseo gan hata) agus cúpla duine de mhuintir na háite romham amach do mo thionlacan (is orthu nach mbíonn aon hata ná aon chall acu leis, iad beag beann ar an teas). Mara mbíonn fáilte roimh an sagart ní lá go maidin é. 'Sé an chéad rud ná thú a chur i do shuí taobh amuigh de'n teachín ar scáth na gcrainnte — ar chathaoir má tá a leithéide acu, ach is iomdha cineál suíochán atá curtha fúm le ráithe; boscaí, stumpaí crainnte, buicéid iompaithe droim ar ais... Is minic gur málaí a chuirtear faoin lucht tionlacan. Cearca, muca, madraí, gasúir bheaga, rí-rá; 'ciúineas, tá an sagart tagtha!' a déarfás mama nó deaide nó mamó. Buailfear cic ar mhada agus buille de shlat ar bhanbh. Nuair atá chuile dhuine suite agus socraithe sin é an uair a labhairteofar agus a gcrathfear lámh leat. Tosóidh an comhrá ansin. Tá teanga na háite ar mo thoil agam fhéin faoi seo, nó maith go leor ar aon chaoi, agus is mór an gar é sin ar ndó. Inseann siad amach chuile shórt, níl aon cheilt ar thada. B'fhéidir gur bean a bheadh sa teach ag iarraidh muirín mhór a thóigeál agus a fear ar an ól. Nó as obair, nó imithe uaithi uilig. Bheadh olc ort do na fir. Tá corr fhear maith ann, agus an togha, ach is corr dhuine é. Tháinig bean go dtí mé an lá cheana, coicís tar éis dom cuairt a thabhairt uirthi. Idir an dá linn bhí sí tar éis a h-ochtú páiste a thabhairt ar an saol, agus ní raibh aon mhaith ann ag a leadaí de fhear mara ngabhfaidh sí amach ag obair ag feilméara an lá dár gcionn. Cé'n brí ach nach ndéanann sé fhéin smeach ar bith ach ag maireachtáil uirthi-se agus ag ól phoitín dó lúm. Amach léi ag obair, ach mí-thráthúil go leor bhuail an malaria í agus b'éigean di tabhairt suas. Má b'éigean fhéin ní dheachaidh léi, an créatúr, gur bhuail sé go dona í dhá oíche i ndiaidh a chéile agus gur chaith sé amach uilig í an dara oíche, í fhéin agus a h-ochtair gasúir. B'iad a chlann féin iad freisin, ar ndó. Sé'n chaoi a raibh súil aige ar bhean eile. B'éigean don mháthair agus do na gasúir bóthar a bhualadh go dtí 'n a deirfiúr ar an taobh eile de Lusaka, agus is ar an mbealach a tháinig sí le mise a fheiceál. Ní raibh

tada ag cur as dí ach an mac is sine mar go bhfuil sé meabhrach agus seans aige dul ar aghaidh amach anseo, ach dá bhfágfaidh sé scoil Khabanana ní bhfuighfeadh sé aon áit in aon scoil eile (tá na scoileanna plódaithe, tar éis nach dtéann leath na ngasúir ag scoil ar bith). Meastú an dtógfadh na Críostaithe isteach é go dtí deire na bliana? B'shin é a bhí uaithe. Ba ghearr an mhoill a bhí ann go raibh áit faighte (agus, a Thiarna, nach mé a bhí bródúil as mo chuid Críostaithe!) — thug fear amháin áit chodlata dhó agus beathóidh teach eile é. Bhí sí sásta ansin agus d'imigh léi de shiúl cos, an páiste ar a droim, sumachán eile ina baclaínn agus an chuid eile ag siúl. Gan aici de mhaoin an tsaoil ach an téadach ar a craiceann. Cos-nocht, ar ndó, mar tá chuile bhean eile sa bparáiste. Ceard atá i ndán di anois? Níl fhios agam. Níl deontas ná pinsean ann, ná aon tsúil leis. Ní scéal le duine é ach le go leor. Tá fhios agam rud amháin: má fhágaim-se cead isteach sna Flaithis is fada siar sa líne a bheas mé, beidh na créatúir seo ina bplód isteach romham, mar tá a gcuid peiríocha dhíobh acu.

Sé'n rud is mó a bhfuil suim agam ann ná na comhluadair Chríostaí, mar thugann muid orthu. Tá an paráiste roinnte ina shé chuid agus cruinníonn 'chaon pháirt uair sa tseachtain. Léann duine píosa beag de'n Bhíobla agus bíonn siad ag dul dó sin go mbaineann siad meabhair eicint as. Ghníonn siad roinnt urnaí in éindigh agus tugann an ceannphort obair eicint le déanamh do chuile dhuine: cuairt a thabhairt ar na h-easláin, cuir i gcás, nó cúnamh a thabhairt do dhuine eicint i gcruachás. Cuireann siad féin aithne ar a chéile ar an gcaoi sin agus de réir a chéile méadaíonn a muinín as a chéile (tá gnás na h-easarlíochta láidir fós san Afraic agus an fhaitíos ag na daoine roimh a chéile dhá bharr, díreach mar a bhí faitíos roimh an droch-shúil in Éirinn go dtí le fíor-ghairid). Tá súil agam cuid mhaith de mo chuid ama a chaitheamh leis na comhluadair Chríostaí seo, taoisigh a mhúnadh agus a mhúnláí, agus coinneál orm go dtí go mbeidh meas ceart acu orthu fhéin agus misneach acu cur le chéile agus bualadh faoi scéimeanna lena saol a fheabhsú. Sin é atá sa bplean agam ar aon chaoi.

'Sé Aifreann an Domhnaigh ócáid mhór na seachtaine. Beag an ghnaithe a bheadh agaibh ann, tá faitíos orm, mar tógann sé dhá uair a chloig go leith. Níl mé ag áireamh na bhFaoistín roimh an Aifreann ná cruinníocha agus rudaí tar éis an Aifrinn: dhá uair go leith ó shroichim an altóir nó go bhfágaim arís í. Tugaim seanmóir fhada ceart go leor; ceathrú uaire nó fiche noiméad — níl meas ar bith anseo ar na 'cúpla focal'.

Ach ní mise a chuireann an mhoill orthu ach iad fhéin. Aon cheo is féidir a chasadh cantar é. Agus cantar go maith é freisin. Níl orm-sa ach suí ar mo chompóird agus scaoileadh leo! Tá siad in ann na drumaí a chur ag caint, beagnach, agus obair fir é sin. Na fir ina suí ar thaobh na láimhe clé — ar nós an Chnoic ach gur ar shaileanna adhmaid socraithe ar bhríci a bhíonn siad ina suí anseo. Bíonn an t-urlár scuabtha amach go maith agus is air a shuíonn na mná. 'Siad a bhíonn gléasta go dathúil — cineál bráithlín éadtrom (*citenge*) casta faoina gcom agus corr-ghúna anseo is ansiúd. Iad uilig an-ghlan, idir fhir agus mhná. Bíonn deichniúr nó dáréag cailíní ag damhsa le linn 'Glóire do Dhia sna hArda', damhsaíonn siad aníos fad an tséipéil amach roimh lucht tairgthe na nOfrálacha agus arís tar éis na Comaoine. Fairíor gan pictiúr reatha agam dhíobh le cur abhaile go bhfeicfeadh sibh iad, ní áilleacht go dtí é agus iad uilig ar chó-chéim go mall, uasal, maorga. 'Sna boinn, ar ndó, ní gá dhom a rá. Chítear dom go bhfuil muintir na hAfraice i bhfad níos solúbtha ina gcolainn ná muid. Ní shin le rá nach bhfuil chuile dhuine de na cailíní seo i ndon siúl díreach — tá, agus damhach uisce á iompar ar a gcloigeann cúpla míle bealaigh ar chasáin aimhréidhe gan oiread is deoir fhéin a dhóirteadh.

Is iomdha rud eile a bhféadfainn trácht air. Pá an fhir oibre, an té a bhfuil obair aige: ó dó-dhéag go dtí chúig, chúig phúnta dhéag sa tseachtain, agus an luach céanna ar chuile ní atá air sa mbaile againn fhéin. D'fhéadfainn cur síos ar chomh cóir leo dá laghad dá bhfuil acu. B'éigean dom fuagairt ó'n altóir nach nglacfainn aon bhéillí ná deochanna in aon teach ní ba mhó mar bhíodar ag ceannacht Coke agus rís agus rudaí le tabhairt dom ar mo chuairt, agus gan iad in acmhúinn. Ní mór do dhuine a bheith cúramach — is masla mór dóibh cur suas do bhrontannas.

Cér fhág mé ansin na galraí agus na haicfidí? Sé'n caoi a bhfuil an scéal, ní féidir é inseacht ceart. Níor bhfoláir do dhuine theacht amach anseo é fhéin lena fheiceál ceart, agus an uair sin fhéin ní móide gur tuiscint an-mhaith a bheadh aige air ag filleadh abhaile dhó. Furrmhór na dturasóirí, is ag breathnú ar Eas Mhór Victoria a thagann siad, ceann de iontaisí móra an domhain. Ag fiach a thagann tuille, agus fairíor nach sa mbaile a fhanann siad sin! Clóiseann muid scéalta anseo faoi phóitséaraí a mharaíos tréada elephant le maisín-ghunnaí. Dá mhéid ainmhithe allta

(ar lean leath. 18)

SÉIPÉAL AN CHNOIC



Fuair an tAth. Seán Ó Ceannabháin, Sagart Paráiste an Chnoic, bás ar an 1ú Márta, 1840. Bhí sé sean nuair a fuair sé bás ach le tamall roimhe sin bhí sé ar a dhícheall ag iarraidh seipeál nua a thoigeál ar an Tulach mar nach raibh sa seipeál a bhí á úsáid ar na Creagáin ach bráicín nach raibh in ann dhá scór duine a choinneál. Bhí Bláca an Chaisleáin an-mhór leis an Ath. Ó Ceannabháin agus bhí cúnamh á thabhairt acu dhó le ballaí an tseipéil a thoigeál san áit a bhfuil Seipeál na Tulaí inniu. Bhí na daoine ag tabhairt aolchloch as Árainn ina gcuid bád agus bhí an Blácach ag dó an aoil thíos in aice leis an gCaisleán.

Sagart ó Chathair na Mart, an tAth. Seán Ó Gráda, a tháinig mar Shagart Paráiste in áit an Cheannabhánaigh. Ba ghearr sa bparáiste é nuair a thárla achrann idir é fhéin agus na Bláca. Is cosúil nach raibh sé sásta leis an leatrom a bhí na Bláca ag imirt ar a chuid tineontaithe ar an Tulach agus rudaí eile nach é. Bheartaigh an tAth. Ó Gráda seipeál nua a thoigeál ar an gCnoc agus an seipeál leath-chríochnaithe thiar a fhágáil mar a bhí sé. Iarradh cúnamh oibre agus airgid ar mhuintir an pharáiste. Deich scilleacha a leagadh ar chuile theach agus an oiread seo laetha oibre chomh maith. Bráicín eile de theach pobail a bhí ar an gCnoc ó thuaidh den áit a bhfuil an seipeál anois. Tá sé sa mbéaloideas gur díon de bharannaí fataí a bhí air. D'iarr an tAth Ó Gráda cabhair ar dhaoine taobh amuigh den pharáiste. I litir a sheol sé chuig an 'Galway Vindicator' i Meitheamh, na bliana 1842, deir sé go raibh sé ag iarraidh cúnamh 'chun go mbeadh ar mo chumas seipeál a thoigeál do mo pharóisteánaigh bhochta. Le cúig nó sé de bhlianta

anuas is amuigh faoin aer a éisteann siad an tAifreann gach Domhnach agus lá saoire gan de chosaint acu ón drochaimsir ach díon na spéire'.

Is cosúil gur tháinig riar síntiúisí isteach mar go raibh cáil na bochtaine ar Chois Fharraige agus spreag trua na daoine. Bhí go leor paráistí eile ag iarraidh seipéil a thoigeál agus bhí daoine ag éirí tuirseach don síor-iarratas.

In ainneoin na ndeacrachtaí chuaigh an obair ar aghaidh. Leagadh an bhunchloch ar an 19ú Feabhra, 1844. Fostaíodh Mr. Murray a dhein cuid den obair chloice ar an Ardeaglais i dTuaim. Is cosúil gur deineadh an obair réasúnta sciopaí mar bhí seipeál an Chnoic réidh le coisreagan ar an Domhnach, an 28ú Iúil, 1844. Domhnach speisialta a bhí sa lá seo mar ba é sin an Domhnach a bhí leagaithe amach le paidreacha a rá ar son Dhomhnall Mór Ó Conaill a bhí faoi ghlas ag Gallaibh de bharr a iarrachtaí ar son Reipéil. Bhí slua mór idir mhaithe is móruaisle, idir chléir agus tuata bailithe i seipeál an Chnoic an Domhnach sin. Tar éis don Ath Ó Gráda Aifreann a 12.00 meán lae a rá, chuaigh Ardeasbag Thuama, Seán Mac Éil chun na hAltóra agus thug sé seanmóir bhreá uaidh i nGaeilge. Ansin choisrigh sé an seipeál. Thóg na searmanaisí uilig thart ar 3 uair a chloig. Chomh maith leis sin, cuireadh thart ar 400 duine idir óg agus aosta faoi lámh Easboig sa seipeál. Tóigeadh suas bailiúchán i gcaitheamh an Aifrinn chun a taobh istigh den seipeál a chríochnú agus bhí an tAth. Ó Gráda an-sásta leis an lá.

Bhí an obair mhór déanta — seipeál breá curtha ar fáil in am a raibh bochtaineach ar gach taobh. Ba ghearr go mbeadh ar an sagart paráiste bocht aghaidh a thabhairt ar an ngorta agus ar léirscrios an ghorta. Cuireadh roinnt athraithe beaga ar an seipeál ina dhiaidh sin. Cuireadh síléail adhmaid leis in aimsir an Chanónaigh Uí Liatháin, cuireadh clog ar an bhinn thoir agus ar ndóigh, deineadh feabhsúchán mór le linn don Ath. Seán De Bláca a bheith anseo. Is iomaí cor atá curtha ag an saol de ó 1844. Is iomaí stoirm, gála, brón agus áthas, breith agus bás atá feicithe ag na ballaí ach mar sin fhéin, seasann sé go daingean, láidir fós mar chuimhneachán ar an muintir a d'fhág mar oidhreacht againn é.

Seán Ó Mainnín
An Cnoc

CÉAD FÁILTE ROIMH NA PÁISTÍ SEO A BAISTEADH Ó FOILSÍODH AN tEAGRÁN DEIRIDH DE BHISEACH

Fíledma Ní Ráighne, Coill Rua.

Áine Ní Churraoin, Cnocán Glas.

Síle Denver, Na hAille.

Micheál Mac Giolla Chlaoin, Cor na Rón.

Colm Ó Tuathail, Na hAille.

Aengus Ó Fátharta, Na hAille.

Máirtín Ó Piotáin, Bothúna.

Micheál Ó Conchúir, Bothúna.

Pádraig Ó Tuairisg, Lochán Beag.

Tomás Ó Gloinn, Saile Thúna.

Micheál Ó Loideáin, Saile Thúna.

Breandán Breathnach, Na hAille.

Máire Gearóidín Ní Choisdealbha, Coill Rua.

Neasa Ní Choisdealbha, Cor na Rón.

Cormac Ó Tuairisg, Na hAille.

Ciara Ní Chorrduibh, Lochán Beag.

Tomás Ó Conghaile, Bothúna.

Sinéad Ní Loideáin, Saile Thúna.

Fíona Ní Fhionnagáin, Teach Mór.

Muireann Ní Thuairisg, Lochán Beag.

Pádraig Ó Lochlainn, Seanaghurrán.

Seán Ó Finneadha, Na hAille.

Séamus Ó Tuathail, Coill Rua.

Karen Nic Dhiarmada, Lochán Beag.

Róisín Ní Choisdealbha, Baile na mBroghach.

Pádraig Ó Neachtain, Na hAille.

Cian Ó Tuathail, Lochán Beag.

Eoin Pól Ó Coisdealbha, Coill Rua.

Gearóid Ó Gríofa, Cor na Rón Lár.

Jason Bairéad, Coill Rua.

Sinéad agus Amy Ní Chonchúir, Bothúna.

Máire Treasa Ní Chualáin, Cor na Rón.

Tomás Ó Ráighne, Coill Rua.

Gráinne Nic Chárthaigh, Púirín.

Clíodhna Ní Churraoin, Cnocán Glas.

Róisín Ní Chualáin, Teach Mór.

Máire Mairéad Ní Chualáin, Saile Thúna.

Seán Ó Conghaile, An Cnoc.

Barra Ó Conghaile, Púirín.

Caoilfhinn Ní Fhátharta, Na hAille.

Tadhg Ó Domhnalláin, Cnoc.

Dáibhí Ó Fátharta, Na hAille.

Linda Ní Loinsigh, Cor na Rón Thiar.

Mairéad Ní Chualáin, An Cnoc.

Clíodhna Ní Fhátharta, Cré Dhubh.

SCOIL SAILEARNA



Ar phinsin

Chuaigh Máire Ní Chonghaile ar phinsin Dé Céadaoin 31 Márta. Bhí tríocha trí bliana caite aici ag múineadh i Scoil Sailearna. Chaith Máire roinnt blianta ag teagasc i gCo. Mhaigh Eo agus i dTír Chonaill sarar tháinig sí ar ais go Cois Fharraige.

Ag searmanas sa Scoil an lá sin bhronn an Sagart Paróiste, an tAth. Mac Aodha, brontanais ar Mháire thar cheann scoláirí, tuismitheoirí agus foireann na Scoile. Ghlac sé buíochas léi as ucht a seirbhís fhiail fhéiltiúil d'aos óg na háite fhaid is a bhí sí ag múineadh sa Scoil.

Go bhfága Dia an t-sláinte aici.

Sa Phictiúr

Máire Ní Chonghaile in éineacht le ó chlér: Pádraic Ó Fátharta, Bord Bainistíochta, Tomás Ó Ráighne, Príomh Oide, Máire Bean Uí Mhainnín, Oide, An tAthair Mac Aodha, Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta, Liam Puirseil, Oide, B. Ó Feinneadha, Bord Bainistíochta, agus Laoise Bean Uí Chomhraí, Oide.



Múinteoirí Nua

Cuirimid fáilte roimh bheirt mhúinteoir nua i Scoil Sailearna. Ceapadh Liam Puirseil in carrach na bliana seo, múinteoir breise de bharr méadú ar líon na scoláirí. Ceapadh Bernadette Bean Uí Mhuirí mar chomharba ar Mháire Ní Chonghaile i mí Aibreáin.



sgéal – sgéalaí agus sgéalíocht

Le Tom Phaidi Mac Diarmada

Ó thús m'óige i mo ghasúirín bheag dhom agus sul a ndeacha mé ag aon scoil ariamh bhí sgéalta agam agus an-spéis agam thairis sin ionta. Sgéalta grinn, sgéalta sídhe, finn sgéalta, sgéalta beaga a tharla thart sa limistéar a raibh baint aca le féiltí na bliana, le piosreogaí agus le go leór leór d'imeachtaí nádúrtha na ndaoíní agus an cheantair. Ina dhiaidh sin sea thosaigh mé cur suime agus a'teacht isteach ar na sgéalta fada agus ar a' bhfiánníocht. Bhí seisear nó mór-sheisear de shean-seansachaí ar a' mbaile a bhí chomh maith le aon seanchaí ó Chnoc Cathrach na Gaillimhe siar le cósta chómh fada le Tower-Cheann Gólaím. Ní thagadh iabh ortha nó foras ó thrathnóna nó go dtéigheadh an oíche thar druimín, ach a' sgéalíocht go dtí thar éis an mheán-oíche. Ó dá gcloisfeá Pádhraic Pháidín a cur síos ar *'Thuras na Féinne go Crích-Lochlain'* nó Beartla Tom ar *'Thriúr Clainne na barr-Sgolóige'*, nó Seáinín Beag ag innseacht *'Céadhtach Mac Rí na gCor'*. Ó dá gcloisfeá? Tá mac Bheartla Tom linn fós óigeanta go leór agus ar dhuine de na sgéalaí is fearr agus is foirfí dá bhfuil i n-aon chúinne nó n-aon chlúid a gCeantar ar bith ar fud na tíre. Tá an seanchus agus na sgéalta ar fad aige fós a bhí ag a Athair agus tá sé níos fearr ná sin fhéin mar tá an innseacht chomh foirfí, follusach sin ar na sgéalta aige díreach mar bhí ag aon duine dhár tháinig roimhe. Níl bun-cleite isteach ná barr-cleite amach a bhaineas leis a' bhfiánníocht ná leis an sgéalíocht nach bhfuil go beacht, gan smál, gan marach, chomh glan ag Tom Bheartla Tom Uí Fhlatharta go slán, paiteanta, nádúrtha, ar bharr a theanga. Is fear cúthal é Tom Bheartla ach más féidir leat a chasadh le Tom Bheartla go bhfuil sé cúthal rud a d'fhéadfaí a chasadh le cuid mhaith do na sgéalaí a b'fhearr dár tháinig rómhain is rí-bheag aon chúileacht atá ann nuair atá sé a mbarr a bhuaice ag cur sgéal gaisge go glan, láidir, osgora, amach dá chroí. Ag naoi nó deich bhlianta d'aois, bhí cead againn a dhul ar cuairt tráthnóna go teach an áirneáin agus ba bhrise-croí linn é nuair a bhíodh orainn dhul abhaile go luath le bheith nár suí roimh an sgoil lár 'na mháireach. Sin é an áit a mbíodh an rúcáil, cur amach ná tuí agus baint na móna, s'chuile phlé-ráca, le sgéalíocht, amhráníocht, rinnce, cleasa, tómhanna, cumadóireacht agus ceapadóireacht.



Amach san oíche, d'iarrfaí ar sheanchaí éicint píosa de sgéal innseacht an uair ba mhó mbíodh an teach thrí 'na chéile agus an t'aos óg a' déanamh bail-odhair ar na sean daoine a' muga-maga ag aithléamh agus a sgiotáil. Sul a dtosódh an seanchaí ar trí-tréithe na sgéalíochta ar dtús mar seo, deireadh sé *'éirí ó Aifreann gan éisteacht, éirí ó bhéilí gan altú, nó éirí go do leaba le leath-chuma dhéanamh ar do chómharsa'*. Leis na focla sin bhí sé 'na chúineas ar a' bpointe agus ní raibh gíog ná míog as óg nó aosta ar fud a' tí nó go mbeadh an sgéalaí críochnaí le na sgéal. Cor uair bhíodh an sgéal chomh fada agus nach mbeadh sé críochnaí an oíche sin chor a' bith agus ba é an nós an uair úd an chéad rud oíche lá 'r na mháireach an sgéal a chríochnú. Ar ndó tharlódh sé freisin corr-uair go mbaineadh an sgéal píosa maith as an oíche lá 'r na mháireach sul a mbeadh sé críochnaí. Sin tréith eile don sgéalíocht go mbeidh níos mó le rá agam faoi ar ball beag agus a cuireadh ar mo shúile dhom ag mo chó-mholtóir Seán Ó Súilleabháin ar feadh na mblianta na dhiaidh sin ag Comórtaisí an Oireachtais. De bharr mo chleachtadh agus m'eolas ar na Comórtaisí sgéalíochta ag Oireachtais, le breis agus dhá sgór bliain go raibh aithne mhaith agam ar na sgéalaí móra ba mhó cáil agus ba mhó le rá ó cheithre áirdí na tíre. Anoirndeas ó Helbhic na nDéise go Rath-Chainn na Mí agus

andeas ó Chorcaí, Mhúsgraí agus Béal Átha an Ghaorthaí 's ó Chorca Dhuighne, Uibh-Ráthach go Baile an Sgeilg. Ní raibh aon aithne agam ar Sheán Ó Connail ach feasach mé go raibh leabhar sgéalta leis a gló roimh an am úd.

Anuas ó Thír Chonaill thagadh sgata mór sgéalaí chuile bhliain i ndiaidh chéile ag an Oireachtas. Ó na Rosann ba mhó thagaidís agus ar ndó as Ranna Feirste na Rann agus na sgéal. Cé nár chuala trácht ar Thóin-a-Bhaile an áit a raibh an nead, nead mór amháin a bhí dul thar bruach le seanchas agus atá fós. Cuasnóg a bhí dul thar maoil agus a brúchtáil le sgéalta thar cionn sgéalaí cumasacha agus sgéalíocht den chéad sgoth. Bhí sé ráidte ariamh gur bhé Johnie Shéamuísín Rí-sgéalaí Thír Chonaill ach níor casadh orm ariamh é. Sean-chara mór liom a gcónaí a b'é Niall Ó Dónail ó Loch-an-lúir agus a chuir leabhar bhreá sgéalta, *'Sgéalta Johnie Shéamuísín'* ár fáil roimh an am úd. Timpeall leath-chéad bliain ó shoin a casadh Seán Ó Súilleabháin Clárthóir an Bhéal-Oidis liom don chéad uair i mBleá Cliath. I dtús na ndachadaí fuair mé aithne ní b'fhearr ar agus 'na dhiaidh sin 'na mbeirt mholtóirí le chéile ag na Comórtaisí Oireachtais agus i ndiaidh na gcomórtas a bhíodh an comhrá fada againn le chéile.

Taobh amuigh den Oireachtas is den mholtóireacht chasadh sinn minic go leór ar a chéile i mBlá Cliath nó b'fhéidir ar a mbus ach ariamh níor chasamar ar a chéile gan cúpla deoch a chaith le fána n-éindí. Deir sé liom uair go raibh sé cinnte gur i nIarthar na tíre a bhí an sgéalíocht a b'fhearr ach nach shin le rá nach raibh togha sgéalaí agus sgoth sgéalíocht is na Ceantair eile freisin. Deir sé liom uair eile go raibh níos mó leaganacha do na sgéalta fada agus don Fhianíocht i gConamara agus gur mhó go mór a bhí na *'cultachaí gasge agus na cóirthe catha'* dá n-úsáid ann ná gCeant-racha eile. Bhí sé den tuairim freisin gur ar Oileáin Albain a casadh na sgéalaí ba mhó raibh sgéalta fada acu dá casadh leis in n-áit ar bith eile. Chuir sé síos dhom ar sgéalaí, ní chuimhním anois cén tOileán ar chósta na hAlban, ar thóig dhá-oíche fhada áirneáin ar sgéal amháin inseacht agus nach raibh an sgéal críochnaí aige an dara h'oíche fhéin. Thrácht sé liom ar leaganacha de na sgéalta a bhí le fáil i gCrích-Lochlainn agus a dTíortha eile na hEorpa agus chomh fada ó bhaile leis na hIndiachaí Thiar. Ní féidir cur síos ná trácht ar an méid eolais a bhí aige ar a sgéalíocht, ar a Seanchas agus ar an bhFianníocht agus go deo ní féidir leath-dóthain cur síos a dhéanamh ar dheiseacht, ar mhánlacht ná ar mhacántacht an fhir fhéin.

Go maire siad a nuaíocht

Pádraig Ó Conghaile, Creachmhaoil agus Nóra Ní Chonghaile, An Cnoc.

Pádraig Ó Ceannabháin, Na hAille agus Áine Ní Loinsigh, Lochán Beag.

Éamonn Ó Cadhain, Cor na Rón agus Bernadette Ní Loideáin, Púirín.

Seán Ó Lochlainn, Leitir Mór agus Siobhán B Ní Choistealbha, Seanaghurrán.

Seán Ó Cualáin, Saile Thúna agus Filimíne Ní Loideáin Saile Thúna.

Micheál Ó Fátharta, Baile na hAbhann agus Mairéad Máire Ní Fhlatharta, Teach Mór.

Peadar Mac Diarmada, Lochán Beag agus Bairbre Ní Fhlatharta, Lochán Beag.

Pádraig Ó Céide, An Pháirc, An Spidéal agus Caitlín Ní Choisdealbha, Cor na Rón.

Colm Ó Maoláin, Baile na Cille, Leitir Mealláin agus Máire T. Ní Chéide, Na hAille.

Máirtín Ó Cearra, Mágh Cuilinn agus Bairbre Nic Ghiolla Mhárta, Saile Thúna.

Seosamh G. Ó Scannláin, Doire Choill agus Sorcha Ní Chualáin, Teach Mór.

Dúiseacht

*D'éirigh mé ar maidin
Bhí an ghrian ag éirí thoir
D'fhéach mé amach an fhuinneog
Is chonaic mé lorg lámha Dé.*

*Bhí na h-éiníní ag canadh
Is na bláthanna faoi bhrat álainn cumhra
Is an ghrian árd san spéir
Is é ag taitneamh go breá.*

*Bhí na h-ainmhí go sona
Ag inilt ar an bhféar
An bhó is an capall
Is an chaora is a h-uan.*

*Bhí an nádúr uilig ina dhúiseacht
Is an saol ar fad gan maire
Thugas buíochas óm chroí
Don rí a chruthaigh gach aon lá.*

Pádraic Mac Donncha
Aois: 9

Duaiseacht

*Nuair a dhúisim ar maidin
Bíonn an ghrian ag scalladh isteach
Léimim as mo leaba
Is breathnaíonn mé amach.*

*Tá an féar úr glas ag fás amuigh,
Tá na báid ag seoladh san fharraige,
Tá an lá go ciúin brothallach,
Tá na héin ag canadh ar na carraigeacha.*

*Tá na bláthanna áille ag lúbadh sa ghaoth
Cuireann siad áthas i mo chroí,
Tá na ba's na laoi ag iníor sa pháirc
Is na huain óga ag léimneach thart.*

*Tá na h-ainmhithe a bhí ina gcodladh
I gcomhair an gheimhridh dúisithe anois,
Tá na héin a chuaigh chuig tíortha i gcéin
Tagtha ar-ais arís.*

*Tá na sléibhte arda i bhfad uaim
Faoi scamall ollanach bán,
Tá drúcht na maidne ar an bhfaiche
Ar na bláthanna is ar na gcrainn.*

Lisa Ní Uiginn
Aois: 11

ÉIGSE SCOILE

Mo Pheata

*Tá puisín cait agam do thogha na tíre
Cait níos críonna ní féidir a fháil,
An rúinín feola tá sé sgioptha.
An punt ime nó píosa aráin.*

*Tá mo chaitín deas
Bán agus buí,
Bíonn sé ag meáúil
De ló, agus go Oíche.*

*Bíonn sé ag spraoi
Leis na luchainn san oíche
Nuair a bhíonn 's sé ag cuartú greim le nithe.
Is maith liom mo chaitín nuair a bhíonn 's sé ina luí.*

Doirín Breathnach
Aois: 8

Mo Pheata

*Sí pus-cus mo pheata
Tá sí an-deas
Is iomaí luch a mharaigh sí
Is aici tá an cleas.*

*Tá drioball fada bán aici
'Gus spota ar a bhárr
Éadan dubh agus bán uirthi
Agus sroinín ina lár.*

*Is maith léi feoil le n-ithe
Is ólann bainne bán
D'íofadh sé an deabhal go deimhin
Ach ní maith léi arán.*

*Tá cat Uí Scolaí mór léi
Tugann cuairt uirthi gach lá
Ach bíonn mise ag spraoi léi
Is ní thugann sí air aon áird.*

Traolach Ó Maoláin
Aois: 7

Mo Pheata

*Tá peata agam sa mbaile,
Lacha bheag bhán,
Ólann sí uisce
Is itheann sí arán.
Téann sí a chodladh
Gach oíche is gach lá
Sé Bertie an bardal
A cara is a grá.
Itheann sí bláthanna
Bláthanna beaga bána
A bhíonn ag fás
Amuigh ar an mbán.
Lúasaí a hainm,
Mo pheata beag fhéin,
Is bíonn sí ag súgradh
Amuigh faoin ngrian.*

*Is maith léi an bháisteach,
Ach ní maith léi an ghaoth,
Is maith léi péiste
Is seildí le nithe,
Ach bhfearr léi i bhfad
A bheith amuigh ag spraoi
Le Bertie an bardal
Is a cara Lilí.*

Ide Ní Mhuirí.
Aois: 7

Síochán

*Síochán ar an talamh
Síochán sa tealach
Síochán sa mbaile
Síochán ar chuile bhealach.*

*Tá daoine thuas sa dtuaisceart
Ag marbhú's ag troid
Gan caint dá laghad acu ar shíocháin
Ach ag fulaingt nó ag goid.*

*Chuala mé Dé Sathairn
I Sean Siopa Nee
Gur cuireadh buamadh i dteach Garda
A chroch bhárr an tí.*

*Ach ní amháin thuas i dtuaisceart Éireann
Atá an troid seo ar siúl,
Ach thuas i nDáil Éirinn
Atá an chuid is mó.*

*Má tá síochán ag teastáil
Bhuel níl siad á 'spáint,
Mar ní fheicim-se ach
Clampar réabadh 's goid.*

*Tá mé á scríobh seo
Ionas go mbeidh sé agam go deo,
'S go dtiocfaidh feabhas ar an talamh
Gan réabadh clampar ná gleo.*

Máirín Ní hObain
Aois: 12

Mo Pheata

*Tá madra agam sa bhaile
Pompom is ainm dó
Itheann sé suas a dhinnéar
Is ní fhágann sé píosa ar ndó.*

*Tá cóta álainn fionn air
Is ruball casta buí
Dhá chluais biorach aerach
Agus súile gliondarach buí.*

*Nuair a thagann mé abhaile ón scoil
Bíonn sé ag fanacht liom ina pholl
Is nuair a fheiceann sé mé ag teacht
Léimeann sé suas go beacht.*

Máire-Seosaimhín Ní Churraoin
Aois: 8

BLÚIRÍNÍ NUAÍOCHTA



Sagart

Dé Domhnaigh 2 Bealtaine 1982 oirdníodh Gearóid Ó Fátharta (Gerry Willy) ó na hAille ina shagart i Séipéal Naomh Ainnín ar an gCnoc. Sagart d'Ord Naomh Colmbán é Gearry agus tá sé i mbun obair mhisnéireachta i Santiago Chile. Rath Dé ar a chuid oibre.

Duais

Le dhá bhliain anuas 'sé Seosamh Ó Neachtain ón gCré Dhubh a ghnóthaigh an duais do ghearr scéal sa geomórtas a reachtáil an Curadh Connachtach i geomhair le Comhairle Ealaíona Réigiúin Mhaigh Eo/Gaillimh. Gura fada buan i mbun pinn é.

Gradaim

Ghnóthaigh Caomhán Ó Scolaí as na hAille gradam "Inniu" i geomórtas aistí a reachtáil le bunú an pháipéir sin dachad bliain ó shoin a chomóradh.

Ghnóthaigh Máiréad Ní Thuathail ó Scoil Sailearna gradam Amárach ag an Slógadh Náisiúnta i Loch Garman do shaothar iris-coireachta.

Coiste Cultúrtha Chois Fharraige

Bhí baill an Choiste an-sásta leis an toradh a bhí ar a gcuid oibre i mbliana. I dteannta na n-oícheanta áirneáin a reachtáil le feil-tiúil le linn an dubhluachair agus a thuill cáil i bhfad is i ngearr, cagraíodh oíche scéal-aíochta i mí Feabhra. De bharr an tsuim a léirigh daoine óga ins na sean scéalta, tá sé i gceist tús a chur le háirneán na bliana seo le sraith oícheanta seanchais.

D'éirigh thar barr leis an geomórtas scoraíochta idir-bhailte a d'cagraigh an Coiste taca na Féile Pádraig. Bhí Coláiste Lurgan plódaithe an dá oíche. Tháinig Cré Dhubh sa gcéad áit, Na hAille sa dara áit agus an Cnoc/Leithrinn sa tríú áit.

Né dhearna an Coiste faillí ins na daoine óga i mbliana. Reachtáil comórtas filíochta san Farrach agus tá na duais-iarrachtaí le léamb san iris seo.

Ar ndó, 'sé Biscach an sméar mullaigh ar obair na bliana. Tá súil ag an gCoiste go mbainfidh ár léitheoirí sa mbaile agus i gcéin taitneamh as.



Cló Chonamara Teo.

Bhunaigh S Ó Scolaí comhlucht nua foilsitheoireachta, Cló Chonamara Teo, ins na hAille Thiar ó foilsíodh Biscach cheana. Tá ceithre leabhair foilsithe go dtí seo – Fear-feasa Mac Feasa, cagrán nua de leabhar Phádraig Uí Chonaire; Trí Trua na Scéal-aíochta; Leacht na Laige le Máirtín Ó Corrbuí agus Léachtaí Chuimhneacháin ar Phádraig Ó Conaire. 'Sé Gearóid Denver a rinne cagar-thóireacht ar an leabhar deiridh seo, enuasacht de léachtanna ar Phádraig Ó Conaire a tugadh ar Raidió na Gaeltachta anuraidh. Clódóirí Lurgan a chuir i gcló é.

Is iontach an áis do scríbhneoirí an cheantair é go bhfuil comhlucht foilsitheoireachta agus clódóirí proifisiúnta san áit le scríbhís a chur ar fáil dóibh.

Comhluchtaí Nua

Chuaigh dhá chomhlucht i mbun táirgíochta ar an Eastát Tionsclaíoch i gCoill Rua ó foilsíodh an Iris seo cheana.

Aon duine déag, naonúr cailíní agus beirt fhear atá fostaithe in Rapire Teo., comhlucht Fionnlainneach a tháirgíonn baoití iascáir-eachta do mhargadh na Stáit Aontaithe. Táthar ag súil go mbeidh sé dhuine dhéag ag obair ann ag deireadh na bliana seo.

Bunaíodh Saotharlann na Gaillimhe Teo. i mí Márta 1982. Cógaisí leighis a táirgítear sa mhonarcha seo agus tá sé dhuine dhéag i mbun na hoibre.



blúiríní staire



Cé hiad? Cén bhliain? Duais £5 don fhreagra is cruinne. Má bhíonn níos mó ná freagra amháin ar chomhchruinneas piocfar as hata iad. Iarrachtaí go dtí Siobhán Uí Chonghaile, Áill Lín, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

TÁ SIAD IMITHE AR SHLÍ NA FÍRINNE

- | | |
|--|---|
| 1. Máirtín Ó Coistealbha, Coill Rua. 19.9.1981. | 22. Máire Bean Uí Chualáin, Coill Rua. 17.8.1982. |
| 2. Pádraig Ó Coincheanainn, Saile Thúna. 23.9.1981. | 23. Seán Ó Cualáin (Jack), Lochán Beag. 15.9.1982. |
| 3. Seán Ó Féinneadh, Cré Dhubh. 13.10.1981. | 24. Nóirín Bean Uí Dhonncha, Teach Mór. 1.11.1982. |
| 4. Bríd Ní Chonghaile, Coill Rua. 3.12.1981. | 25. Sorchá Bean Uí Churraoin, Bothúna. 23.11.1982 in Ath Truim. |
| 5. Micheál Ó Tuathail, Coill Rua. 6.12.1981. | 26. Séamus Ó Cualáin, Bothúna. 2.12.1982. |
| 6. Cáit Ní Chualáin, Teach Mór. 2.1.1982. | 27. Pádraig Ó Curraoin, Cor na Rón Lár. 8.12.1982. |
| 7. Cáit Bean Uí Chualáin, Saile Thúna. 13.1.1982. | 28. Micheál Ó Donncha, Cor na Rón Thoir. 28.12.1982. |
| 8. Peadar Ó Conchúir, Bothúna. 24.1.1982. | 29. Pádraig Ó Cadhain, Cnocán Glas. 6.1.1983. |
| 9. Mairéad Ní Chualáin, Banrach. 2.3.1982. | 30. Tadhg Mac Donncha, Buail Uisce. 15.1.1983. |
| 10. Pádraig Ó Cualáin, Teach Mór, 3.3.1982. | 31. Nancy Lyons, An Cnoc. 18.1.1983. |
| 11. Bríd Ní Loideáin, Seanamhóinín. 4.3.1982. | 32. Nóra Bean Uí Choisdealbha, Baile na mBroghach. 9.2.1983. |
| 12. Bríd Bean Uí Chualáin, Bothúna. 19.3.1982. | 33. Mairéad Bean Uí Loideáin, Púirín. 17.2.1983. |
| 13. Cól Ó Fatharta, Cor na Rón. 19.3.1982. | 34. Seán Ó Donncha, Cor na Rón. 3.3.1983. |
| 14. Bríd Bean Mhic Dhonncha, Indreabhán. 6.4.1982. | 35. Sorchá Ní Fhinneadh, Lochán Beag. 6.3.1983. |
| 15. Éanna Ó Foighil, An Cnoc. 19.4.1982. | 36. Séamus Ó Muirí, Cor na Rón. 8.3.1983. |
| 16. Seán Ó Conghaile, Púirín. 19.5.1982. | 37. Colm Ó Tuathail, Coill Rua. 1.4.1983. |
| 17. Micheál Ó Biadha, An Cnoc. 22.5.1982. | 38. Colmán Ó Curraoin, Cor na Rón Lár. 8.4.1983. |
| 18. Pádraig Ó Nuain, Cor na Rón. 25.5.1982. | 39. Seán Ó Neachtain, Púirín. 19.5.1983. |
| 19. Tomás Ó Coistealbha, Seanaghurrán. 26.5.1982. | |
| 20. Peadar Ó Donncha, Baile na mBroghach. 5.6.1982. | |
| 21. Bairbre Ní Chonghaile, Cré Dhubh, i mBoston. 9.7.1982. | |

AR DHEIS DÉ GO RAIBH SIAD

Tomás Bán Mac Aodhgáin

Agus ag teacht ó theach na tóramh dhom
sea chuir mé eolas ar mo mhian,
Mo chreach agus mo bhrón
nach sa mbaile a chaith mé an oíche,
Tá arainn ag dul treasna thríom
is ag cónaí i lár mo chroí,
Ach a stór mura mbeidh tú abhaile liom
ní mhairfidh mé beo mí.

Is tháinig Tomás Bán ar cuairt agam
is mé in uaigneas liom fhéin
Séard dúirt sé ná bíodh buaireamh ort
ná rud ar bith mar é
Sé do chúilín dualach a mharaigh mé
Is mar gheall air a chrochfar mé
Is gur measa liom go mór thú
ná mo mháithrín atá mo dhiaigh.

Is a chomharsanaí is a chomhairleachaí
ná tógáigí orm é,
Mar chuaigh mé ag múnadh an eolais
le stóirín geal mo chléibh
Ní bhfuair mé ariamh droch-eolas air
go fóill ó rugadh é
Is mura bhfeicfinn ach ag gabháil an bóithrín é
go dtóigfeadh sé mo chroí.

Is tá cuireadh go Cill Chainnigh orainn
is caithfim a dhul ann
Beidh ann seisiún ceathránach
idir Gaeil is Clainne Gall
Ní thuigfear ann ach beirt éigin
is crochfar iad mo léan
Mar tá Tomás Bán Mac Aodhgáin
is Mac Uí Mhaoláin lena thaobh.

A Thomáis is a ansacht
is tú searc is stór mo chroí,
A Thomáis ar thug mé gean dhuit
seachas fearaibh óg an tsaoil
Crochfar thú go cinnte
mar a bhfuil ag grásta Dé
Is a Dhia nach mór an feall é
planda breá mar é.

Máirtín Pheaitís a sholáthraigh



Is a Thomáis Bháin Mac Aodhgáin
sé mo léan thú dhul i gcéin,
Is ní ionadh liom do mháithrín
a bheith go brónach in do dhiaigh
Dhá mbeitheá ar leaba an bháis aici
cér chás do thú bheith tinn
Ach do chrochadh as na salltrachaí
is an bhaisteach le do dhroim.

Is ní slad mainistreach ná teampall
a rinne stór mo chroí
Ní feoil ná geir a shantaigh sé
ná rud ar bith mar é
Is i ngeall ar bhólach Stanley
a crochadh é mo léan
Is an té bhfuil trua do Chlanna Gall aige
an ceann go gcáille sé.

Is tá gárda breá láidir
ag teacht le stór mo chroí
Gearaltaigh Chluain Dálaí
agus arm deas an Rí
Maor óg Ó Conaill
is Ó Ceallaigh as Cluain Aoidh,
Is dá mbeadh triúr mar Ó Conaill Óg agam
ní chrochfaí stór mo chroí.

CLUB LURGAN



Duais £400

Don dara bliain as a chéile ghnóthaigh Club Lurgan an trófaí agus duais £400 don Chlub Óige a b'fhearr sa Ghaeltacht i 1982, i gcomórtas 'Forbairt' Údarás na Gaeltachta. D'fhág seo nach raibh cead againn cuir isteach air arís i 1983, ach níor chuir sé seo bac ar ar bith ar ár gcuid gníomhaíochtaí ná ar ár ndíogras. Bhí an bhlian 1982-83 chomh lán d'imeachtaí le ceachtar den dá bhlian a d'imigh roimpe — go deimhin chuir muid cúpla smaoinemh nua i gcríoch.

AN GHEAMAIREACHT

An ceann is suntasaí b'fhéidir nó an Gheamaireacht 'Tá do Mhargadh', a chuir muid ar stáitse i gColáiste Lurgan. Bhí os cionn 25 ball páirteach ann, agus ba thoradh ar sheachtainí d'obair chrua a bhí le feiceáil ar an 7ú Eanáir. Obair ar an script, ar na hamhráin, na damhsaí, na héadaí, na soilse, na radharcanna, na cuirtíní, gan trácht ar an stáitse féin. Obair chrua, 'sea ach comhoibriú a bhí ann, ní amháin idir baill an Chlub, ach idir iad agus a dtuismitheoirí agus muintir na háite a thug tacaíocht chomh maith sin dúinn. Tá muid fíor-bhuíoch dóibh. Le tacaíocht Údarás na Gaeltachta cuireadh an léiriú ar 'video'. Hollywood — bígí ag faire!

CUNAMH DO NA HEASLÁIN

Dála blianta eile rinneamar iarracht cuimhniú ar agus cabhrú le daoine eile. Thugamar an brabach a rinneamar ar an nGeamaireacht do *Thí Nan Dooley* agus brabach an corr 'ceirno' a reachtáil muid don ionad sicíaitreach ar an gCeithrú Rua.

TAISTEAL

Rinne na baill go leor taistil idir 1982-83. I mí Iúil thugamar aghaidh, in éindí le Club na Tullaí agus Club na Minna ar Phort Láirge, áit a raibh Oilimpeacha Ógras ar siúl.

Tar éis deireadh seachtaine spraoiúil, a bhain an t-allas asainn, creid uaim é, d'fhill ógánaigh Chois Fharraige abhaile le lán lámha bonn agus trófaíthe. Dob é an scéal céanna é ag teacht abhaile dóibh ó Aeríocht Náisiúnta Údarás na Gaeltachta do na hÓgclubanna i nGaoth Dobhair i mí Mheán Fómhair. Ghnóthaigh Lurgan an chéad duais lena fhoireann peile do dhailíní faoi 16, lena fhoireann damhsa, lena bhratach, lena bhuíon cheoil (faoi stiúr Mháire Uí Mhainnín) agus lena amhrán nua (cumtha ag Siobhán Uí Chonghaile)

AN tOIREACHTAS AGUS SLÓGADH

Thaistéal foireann ón gClub go Tráilí le bheith páirteach i gComórtas Díospóireachta Ógras ag an Oireachtas agus bhain siad an dara áit amach.

Bhain Caoimhín Ó Conghaile (Maidhc) agus Seosamh Ó Cualáin (Cóilí Óg) an chéad áit sa chomórtas Agallamh Beirte faoi 21 ag an Slógadh Náisiúnta i Loch Garman.

CEANGAIL LE CLUB ÓIGE I 'CYMRU'

Go luath i 1982 chuala muid go mb'fhéidir go mbeadh cúnamh le fáil ón Roinn Oideachais (Spóirt agus Óige) do chlub óige a shocródh scéim mhalartaithe le club óige sa mBreatain. Rinne muid teagmháil leis an Roinn agus tar éis dúinn cead d'fháil ón oifigeach agus ón Aire Máire Nic Eochagáin Uí Chuinn, rinneamar teagmháil le club óige i gCarnarfon sa mBreatain Bhig.

Is é an deireadh a bhí leis, go ndeachaidh triúr bhall déag ó Chlub Lurgan go dtí an Bhreatain Bhig i 1982 agus gur tháinig grúpa ón Bhreatain Bhig go Cois Fharraige go luath i 1983. Bhí an-spóirt againn thall. Chaitheamar an cuid is mó den am i Glan Llyn, ionad mór atá ag 'Yr Urdd', eagrás óige na Breataine Bige, áit a raibh gach áis istigh agus amuigh — halla damhsa, halla aclaíochta, halla peile, linn snámha, dioscó agus *Nosen Llawn* (Céilí) san oíche. Amuigh bhí báid seoil, báid ráimhaíochta, báid innill agus caigheacanna ar an loch agus rothair ar fáil dóibh siúd go mba mhian leo taistéal.

Dé Domhnaigh ghlaigh ceannaire an ionaid ar an sagart i mBala (an baile ba chongaraí) le cur in iúl dó go mbeadh an slua seo ó Chois Fharraige ag teacht chun an comaoineach naofa a ghlacadh. Chuir Yr Urdd *Land Rover* agus tiománaí ar fáil dúinn agus bhain muid an séipéal amach. Bhí sé an-bheag, an-sean agus álainn ar fad. Ní ar an sráid mhór a bhí sé ach síos lána caol a raibh seomraí tithe os a chionn. Ní bheadh tuairim agat a leithéid bheith ann. Deirtear gur mhair sé tríd an Reifirméisean, Cromail agus eile. Is dóigh nach raibh níos mó ná scór go leith i láthair — muid féin san áireamh. Sheas an sagart ag an doras ag deireadh an Aifrinn agus chraith lámh linn.

Bhí an turas an-suimiúil agus rinne muintir na Breataine Bige gach a fhéadfaidís chun é a dhéanamh amhlaidh. Bhí sé an-suntasach gurb í an Bhreatain agus nach é an Béarla an teanga a chloisfeá ar an sráid agus sna

siopaí, chuile áit ó uasal agus ó íseal go fiú i mbaile mór cosúil le Caernarfon.

Thaitn an turas go mór linn agus tá súil againn gur éirigh linn-ne an cóir a chúiteamh le Club Óige Yr Urdd ó Chaernarfon.



AN COISTE

Is iad a bhí ar an gCoiste le linn 1982-83:

Micheál Ó Cualáin (P) (Rúnaí); Dara Ó Baoill (Cisteoir) Caitlín Ní Fhlatharta (O.C.P.); Niamh Ní Bhaoill, Niamh Ní Fhoighil, Rita Ní Chualáin; Antoine Ó Conghaile (Maidhc); Aindí Ó Cualáin (Cóilí Óg); Ruairí Ó Baoill; Máirtín Ó Cualáin agus mé féin.

Táim buíoch dóibh as a gcomhoibriú agus do na cinnirí fásta: Ruairí Ó Tuairisc; Brian agus Beti Ó Baoill; Siobhán Uí Chonghaile agus Tadhg Ó Curraidhin as a dtreoir agus a dtacaíocht. Tá an club ar fad an-bhuíoch chomh maith as an gcomhoibriú a fuair muid ó Chomharchumann Chois Fharraige, Údarás na Gaeltachta agus ón Roinn Oideachais (Spóirt agus Óige).

Gráinne Ní Fhoighil
Cathaoirleach.



LIOS NA GRÉINE



Dé hAoine 3 Meitheamh rinne an Dr Oirmh. Éamonn Ó Cathasaigh Easpag na Gaillimhe an oscailt oifigiúil ar Lios na Gréine, an t-áras nua i gCor na Rón. Teach fairsing slachtmhar é a bhfuil an fhéile, an cineáltas agus an Chríost-aíocht le mothú ann.

Tá trí ghrúpa páirteach in imeachtaí an tigh seo: (1) Siúracha na Carthannachta ó Ionad Eoin Pól II ar an mBaile Bán a thugann gasúir lagintinneacha amach ann ar saoire; (2) scéim Saoire Gréine Teaghlaigh na Gaillimhe (Galway Sunshine Family Holiday Scheme) a chuireann laethe saoire ar fáil do theaghlaigh nach bhfuil in ann saoire a chur ar fáil dóibh féin ar chúis amháin nó ar chúis eile; (3) Comhairle Óige Deoise na Gaillimhe a reachtáileann cúrsaí le

(ar lean ó leath. 4)

dá bhfuil ann is gearr a seasfaisiad an t-ár sin. Milleadh an dúlra ceann de chuireanna móra na linne seo. Ach maidir le aithne chearta a chur ar na daoine, sílim an té a bhfuil préamhacha doimhne aige ina chultúr dúchais féin gur furasta dhó dreamanna eile a thuiscint. Is cuimhneach liom lá agus mé i mOiseórach ag teacht anoir bóithrín treasa na nAille. Sheas mé ag an nGarraí Ard (garraí ar dearnadh spraoi ann fadó!). Na Dromanna Rua agus Scaillp a'Chuit soir uaim. Cloch a'tSeagail taobh thiar (cuirfidh mé geall go lonnóidh an chuach ar Chloch a'tSeagail arís i mbliana agus í ag

cinnirí óga a thraenáil. Beidh na cinnirí seo ag cabhrú leis an obair atá ar siúl ag an dá ghrúpa eile.

Cuirtear fíorchaoín fáilte roimh mhuintir na háite sa teach. Tá sé seomra codlata, seomra bidh, seomra suite, cistín agus seomra folca ann.

Cheana féin airíonn muintir an tigh go bhfuil rud amháin in easnamh orthu — seomra fairsing ina bhféadfadh siad oícheanta cheoil agus siamsaí in éindigh le muintir na háite a bheith acu.

Nar dheas an rud é go dtiocfadh muidne, pobal Chois Fharráige i gcabhair orthu leis an seomra a chur ar fáil!

cuacháil). Dúirt mé liom féin an lá sin gur chuma céard a d'fhoghlumeóinn go deo nó cibé áit a gcasfaí mé gur ansin a bheadh mo phréamhacha. Níor tháinig aon athrú intinne orm ariamh ó shoin. Tá muintir an bhaile, nó a macasamhail, amuigh anseo chuile áit; mara bhfuil níl duine sa mbaile in aon áit, déarfainn. Is minic a chuimhním ó tháinig mé don tír seo ar an gcaint a chaith Johnny Chóil Mhike sa drama fadó: 'Mar a chéile muid'. Is fíor í an chaint sin. Ina dhiaidh sin féin, bí cinnte nach mbeidh aon locht ar an gcuairt abhaile faoi cheann cúpla bliain nó trí, slán beo dhúinn uilig. Faoi choimrí Dé agus Mhuire sibh.

CUMANN MICHEÁL BREATHNACH

Céard é Cumann Micheál Breathnach? Scata buachaillí óga ag dul timpeall ag ciceáil liathróide? Cúpla duine ag dul timpeall ag díol ticéidí nó ag iarraidh airgid le haghaidh seo nó siúd gach re seachtain. Ar ndóigh níl tada eile le déanamh ag a bhfurmhór ar aon nós!

Cé go ndeineann an Cumann na neithe sin ar ndóigh, ba mhaith liom a mhíniú san alt seo go bhfuil i bhfad níos mó ná sin i gceist. Ba mhaith liom freisin díriú ar an bpáirt a d'fhéadfadh 'Na Breathnaigh' a imirt i bhforbairt an pharóiste.

Sé an Cumann áitiúil bunaonad Chumann Lúth Chleas Gael. Mar bhall d'eagraíocht náisiúnta tá an Cumann áitiúil freagrach freisin as príomhaidhmeanna na heagraíochta sin a chur chun cinn, ar nós:

1. na cluichí náisiúnta mar peil, iomáint agus liathróid láimhe a chothú agus a fhorbairt
2. an Ghaeilge a chur chun cinn
3. tacaíocht a thabhairt den chultúr Gaelach
4. tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt pobail
5. tacaíocht a thabhairt do thionscal Éireannach.

Dáiríre, is mionlach beag sa pharóiste atá ag plé go díreach le cúrsaí peile. Is mionlach iad mar sin féin go b'fhéadfadh an-tábhacht a bheith leo. Tá timpeall 90 peileadóir sa Chumann faoi láthair ón aois-ghrúpa faoi 14 bliain ar aghaidh. Ansin tá dornán beag daoine atá gníomhach i riarachán an Chumainn (iad siúd a bhíonn ag díol na dticéidí!). Gach bliain toghann na baill coiste agus oifigí chun imeachtaí an Chumainn a eagrú. Tá Cumann Micheál Breathnach dá stiúradh ag coiste de 14 i mbliana. Le obair an choiste a dhéanamh níos éifeachtaí bunaíodh roinnt Fochóistí, mar shampla, fochóiste staire atá bunaithe chun stair an Chumainn a scríobh, agus fochóiste riaradh na páirce a bhreathnaíonn i ndiaidh riaradh na páirce ó thaobh cluichí agus rl. Tá imeachtaí eile seachas peil dá reachtáil ag coistí eile, mar shampla Coiste na Páirce a bhí freagrach as an bpáirc a chur ar fáil i dtosach agus a bhfuil pleananna forbartha eile aige freisin. Breathnaíonn an Coiste Liathróid Láimhe i ndiaidh cúrsaí liathróid láimhe.

Tá sé fhoireann ón ngrád faoi 14 bliain ar aghaidh go dtí an grád Idirmheánach ag an gCumann i mbliana. Tá daoine éagsúla ag breathnú i ndiaidh na bhfoirne

seo agus b'fhéidir nár mhiste a mhíniú go soiléir céard a chiallaíonn sé sin i gcúpla cás. Tógfaidh mé an fhoireann faoi 16 bliain mar shampla amháin. Bíonn cluichí gach seachtain (tráthnóna Déardaoin) ag na buachaillí seo ar feadh sé seachtainí i rith an tSamhraidh. Ina theannta sin bíonn gá iad a thabhairt ag traenáil uair nó dhó i rith na seachtaine. Is minic go mbíonn imreoirí scaipithe ó cheann ceann an pharóiste (Seana Féistín go Boluisce). Bíonn deacrachtaí iompair leis na daoine óga i gcónaí cheall carrannaí a bheith acu féin. Má deirim gur ghlac fear amháin as an gCumann an obair seo air féin le roinnt blianta tuigfidh sibh gur mór an iarracht é.

Bíonn fadhbanna de shaghas eile ag baint le riaradh fhoireann daoine fásta. Bíonn an séasúr imeartha fada agus freisin bíonn a lán ama agus iarrachtaí le cur isteach i gcúrsaí traenála. Tá riaradh na bhfoirne Idirmheánach agus Sóisireach faoi bheirt "bhainisteoirí" i mbliana agus níl ualach éasca orthu siúd ach oiread. Sé an fhoireann Idirmheánach an fhoireann is tábhachtaí sa Chumann agus tá sé mar aidhm againn ar fad ar ndóigh go rachadh an fhoireann seo ar ais i ngrád na sinnsear arís áit a raibh sé cúpla bliain ó shoin. Tá cretalach na foirne seo déanta suas ón bhfoireann cáiliúil mionúir a bhuaigh Craobh an Chontae faoi dhó i 1976 agus 1977. Cé go bhfuil roinnt imreoirí ón bhfoireann sin nach bhfuil linn anois, farafor, tá an mianach sa bhfoireann cáil a bhaint amach den Chumann athuair.

Tá dlúth bhaint idir an fhoireann Sóisir agus an fhoireann Idirmheánach. Cé nach bhfuiltear ag súil le aon rud iontach ón bhfoireann Sóisir i mbliana tá tábhacht leis go príomha ar dhá chúis (1) tugann sé deis go imreoirí óga a gcumas peileadóireachta a fheabhsú agus b'fhéidir áit a dhéanamh dóibh féin ar an bhfoireann Idirmheánach. B'fhéidir go gcaillfí ar fad iad don Chumann murach an deis seo. (2) Tugann sé deis fresin do na 'sean leads' corr chic a bhualadh i gcónaí agus ligint orthu féin go bhfuil siad níos óige ná tá siad!

Níl dearmad dá dhéanamh ag an gCumann ach oiread ar ghasúir na bunscoile. Múineann baill den Chumann na scileanna imeartha dóibh gach Satharn. Is obair fíor-thábhachtach é seo agus níl amhras ach go mbeidh na torthaí le feiceáil sna blianta atá romhainn.

Le cúpla bliain anuas tá buntáiste mór amháin ag na himreoirí seachas mar a bhí ag an dream a chuaigh rompú .i. an pháirc imeartha. Is áit rí-thábhachtach í seo don pharóiste agus ní féidir dóthain tacaíochta a thabhairt d'aon iarrachtaí a chuirfeas barr feabhais ar an bpáirc sin. Cuireann an pháirc ar chumas an Chumainn comórtaisí tábhachtacha a tharraingt chuig an gceantar. Sampla dó seo sea Comórtas Peile na Gaeltachta a d'eagraigh an Cumann i 1981 agus a bhfuair muid ard mholadh dá bharr. Úsáidtear an pháirc freisin i gcóir Aeraíochtaí agus Lúthchleasa agus is cinnte gur i lfonmhaireacht a bhéas na himreachtaí sin ag dul amach anseo. Ar ndóigh bíonn buntáistí eacnamaíochta le comórtaisí mar seo sa mhéid is go mealltar a lán daoine chuig an gceantar.

Maidir le comórtaisí dhe, reachtáil an Cumann comórtas nua '7 an Taobh' ar an 18ú agus 19ú Meitheamh i mbliana. Bronnadh Corn Cuimhneacháin Éanna Ó Foighil ar na buaiteoirí maraon le trófaíthe ar an dá fhoireann a bhí sa chluiche ceannais. Is bealach é seo ag an gCumann le omós a thaispeáint don scoth imreoir óg úd a thóg an bás uainn breis agus bliain ó shoin, agus lena ainm a choinneáil i gcuimhne sna blianta atá romhainn.

Seachas cúrsaí peile reachtáileann an Cumann imeachtaí sóisialta i rith na bliana a mheallann daoine nach spéis leo an pheil, mar shampla, cóisir, céilithe agus imirt chártaí.

Ag breathnú romhainn níl amhras ach go bhfuil a lán neithe go b'fhéadfadh an Cumann feabhsú orthu. Ó thaobh na peile dhe, tá dóchas go mbeidh corn mór ag teacht go dtí an paróiste go luath. Lena chois sin táim ag súil nach fada an lá go bhfeicfear foireann iomána ag imirt in éide bán agus gorm na 'mBreathnaigh'. D'imir a lán iománaithe maithe ón bparóiste leis an Spideál le blianta.

Caithfear freisin níos mó imeachtaí a reachtáil do na cailíní sa bparóiste. Tá an Cumann go mór faoi chomaoín ag mná an pharóiste as ucht a dtacaíocht le blianta. Úsáideann foireann Comógaíochta Chois Fharraige páirc an Chumainn faoi láthair agus ba dheas dá mbeadh foireann Comógaíochta dá gcuid féin ag an gCumann.

Níl amhras freisin ach go bhféadfadh an Cumann a bheith níos gníomhaí i gComórtas Scór thar mar a bhí sé le roinnt blianta. Is cinnte go bhfuil an t-ábhar ann ach é a eagrú i gceart.

Cé go bhfuil áiseanna ag an gCumann faoi láthair gur féidir linn a bheith bródúil astu ba mhaith linn cur leis sin. Chuige sin tá sé mar aidhm ghinearálta go mbeadh a lárionad féin ag an gCumann ina b'fhéadfai

imeachtaí sóisialta agus cultúrtha a reachtáil mar ba dual do bhunaíocht de Chumann Lúth Chleas Gael.

Ba mhaith linn ballraíocht an Chumainn a leathnú amach chucu siúd nach spéis leo peil go díreach, ach a bhfuil spéis acu in imeachtaí eile a chuirfeadh an Cumann chun cinn, mar shampla, ceol, cultúr, lúthchleas, agus rí. Má tá daoine mar seo ag léamh an ailt seo ba bhreá linn go mbeadh siad páirteach linn.

Is cinnte freisin gur mhaith linn go rachadh níos mó de mhuintir na háite amach chun tacaíocht a thabhairt dúinn nuair a bhíonn muid ag imirt cluichí, go háirithe sa mbaile. Ní rachadh tacaíocht mar seo amú agus cá bhfios nach gcuirfeadh sé beala faoi ioscaidí cuid dár n-imreoirí!

Seachas aon ní eile ní mór do Chumann Micheál Breathnach a aineachtáil go bhfuil saol na ndaoine óga ag athrú go scioptha anseo i gCois Fharraige. Tá i bhfad níos mó deiseanna caitheamh aimsire ag an aos óg anois ná mar a bhí fiú chúig bhliana ó shoin. Ar ndóigh tá an t-athrú ag teacht ag ráta níos moille anseo fán tuath ná mar atá sa chathair. Mar sin féin tá foirne tuaithe nach bhfuil céad míle ón gCnoc go mbíonn deacrachtaí acu foireann a chur ar an bpáirc laethanta áirithe de bharr cuid dá gcuid imreoirí a bheith ag imirt sacair. Nílím ag cáineadh an chluiche sin ann féin, ach ba thrua dá mbeadh an cluiche Gaelach síos leis. Ba mhaith linn a bheith cinnte i gcónaí ar ndóigh go mbeadh scoth na hóige ina mbaill dár gCumann. Caithfidh muid a bheith cinnte mar sin go mbeidh muidne mar Chumann níos tarraingtí don aos óg ná aon eagraíocht spóirt eile sa bparóiste. Is dócha, go náisiúnta, agus Cumann Lúth Chleas Gael ag druidim le céad bliain dá stair, gurbh é seo ceann de na dúshláin mhóra atá ag bagairt air.

Mar bhuaille scoir, ní mór a admháil go bhfuil creidiúint mhór ag dul don dornán beag daoine atá ag obair go dúrachtach ar son an Chumainn. (Tá a sásamh féin le baint ag imreoirí as an gCumann). Táim ag trácht go speisialta orthu siúd nach bhfuil tada le gnóchtáil acu as a gcuid oibre ach sásamh intinne is dócha. Go minic is beag buíochais ná fiú amháin tuiscint a bhíonn ag daoine ar a n-iarrachtaí. Murach daoine mar seo bheadh an paróiste ag fáil bháis, agus go mba fada buan iad.

Tríd agus tríd, tá an-dul chun cinn déanta ag an gCumann beag seo ó ath-bhunaíodh é i 1967. Ní fada ó shoin ó bhíodh muid ag coibhlint le taoille tuille ar an Trá Mhóir le haghaidh traenála. Tá an saol ag athrú áfach, ach má tá féin táim dóchasach, le cúnamh Dé, go mbeidh Cumann Micheál Breathnach sách fuinníuil le n-athrú leis.

Máirtín Ó Conghaile
(Cathaoirleach)

Bainne na Gaillimhe



An rogha is fearr don chlann gach lá.



Bainne na Gaillimhe Teo.
Rinn-Mór, Co. na Gaillimhe. Fón: (091) 51245

An leabhar is fearr amuigh ar bhainisteoireacht airgid.

Tá leabhar iontach le fáil thíos san oifig logánta de Bhanc na hÉireann. Cabhróidh sé leat chun do ghnóthaí airgeadais a riaradh níos éifeachtaí agus chun do chuid airgid a láimhseáil níos tairbhí, chun réamhpleanáil a dhéanamh agus chun cuntas a choimeád ar chaiteachas. Beidh sé do bhuntáiste agat airgead a bheith agat i gcónaí agus ag an am chéanna gan bheith ag dul i bhfiontar airgead a iompar timpeall leat. Ainm an leabhair?

Seicleabhar de chuid Banc na hÉireann.



Banc na hÉireann
An banc le do linn



Údarás na Gaeltachta 

Postanna á nGnóthú don Ghaeltacht.

Ciallaíonn postanna ráthúnas sa Ghaeltacht; ach tá níos mó ná sin i gceist.

Cabhróidh gach péire lámh a chuirfear ag obair chun timpeallacht bhuan, ráthúil a chruthú a mbeidh deis ag na glúnta atá le teacht maireachtáil

intí mar is áil leo féin agus a teanga féin a labhairt. Sin a méid.

Is dúshlán é; go deimhin, is troid cheart é, ach ós sinne an t-eagras ar leagadh an cúram air an Ghaeltacht a chur chun cinn, tá sé i gceist againn an troid sin a bhuachan.